2025/1544

31.7.2025

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1544 ÓN gCOIMISIÚN

## an 30 Iúil 2025

## lena gcinntear an dáta óna gcuirfear tús le hoibríochtaí an Chórais Dul Isteach/Imeachta de bhun Rialachán (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2017 lena mbunaítear Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) chun sonraí faoi dhul isteach agus imeacht agus sonraí faoi dhiúltú cead isteach náisiúnach tríú tír a chlárú agus iad ag trasnú theorainneacha seachtracha na mBallstát agus lena gcinntear na coinníollacha ar a dtabharfar rochtain ar EES chun críocha fhorghníomhú an dlí, agus lena leasaítear an Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme agus Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 ([1]), agus go háirithe Airteagal 66(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2017/2226, bunaíodh an Córas Dul Isteach/Imeachta. Is córas é an Córas Dul Isteach/Imeachta lena dtaifeadtar go leictreonach am agus áit dul isteach agus imeachta náisiúnach tríú tíortha a ligtear isteach i gcríoch na mBallstát le haghaidh gearrfhanachta agus lena ríomhtar fad a bhfanachta údaraithe.

(2) Ó tháinig Rialachán (AE) 2017/2226 i bhfeidhm, tá na socruithe teicniúla agus dlíthiúla is gá chun sonraí a bhailiú agus chun iad a tharchur chuig an gCóras Dul Isteach/Imeachta curtha i gcrích ag an gCoimisiún, ag na Ballstáit agus ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA).

(3) Leagtar amach in Airteagal 66(1) de Rialachán (AE) 2017/2226 roinnt coinníollacha atá le comhlíonadh sula gcuirfear tús le hoibríochtaí an Chórais Dul Isteach/Imeachta. Comhlíonadh na coinníollacha sin go léir. Glacadh na gníomhartha cur chun feidhme agus na gníomhartha tarmligthe is gá chun an Córas Dul Isteach/Imeachta a oibriú ([2]); Tá sé dearbhaithe ag eu-LISA go bhfuil tástáil chuimsitheach ar an gCóras Dul Isteach/Imeachta tugtha i

([1]) IO L 327, 9.12.2017, lch. 20, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/2226/oj.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1547 ón gCoimisiún an 15 Deireadh Fómhair 2018 lena leagtar síos na sonraíochtaí maidir leis na lárphointí rochtana a nascadh leis an gCóras Dul Isteach/Imeachta agus maidir le réiteach teicniúil chun bailiú sonraí ag na Ballstáit a éascú chun staitisticí a ghiniúint i ndáil le rochtain ar shonraí an Chórais Dul Isteach/Imeachta chun críocha fhorfheidhmiú an dlí (IO L 259, 16.10.2018, lch. 35, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2018/1547/oj); Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1548 ón gCoimisiún an 15 Deireadh Fómhair 2018 lena leagtar síos bearta maidir le bunú an liosta daoine a shainaithnítear mar rófhantóirí sa Chóras Dul Isteach/Imeachta (EES) agus an nós imeachta chun an liosta sin a chur ar fáil do na Ballstáit (IO L 259, 16.10.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2018/1548/oj); Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/329 ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2019 ina leagtar síos sonraíochtaí i dtaca le cáilíocht, le taifeach agus le húsáid méarlorg agus íomhá den aghaidh chun fíorú bithmhéadrach agus sainaithint bhithmhéadrach a dhéanamh sa Chóras Dul Isteach/Imeachta (EES) (IO L 57, 26.2.2019, lch. 18, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2019/329/oj); Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/326 ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2019 lena leagtar síos bearta maidir le sonraí a iontráil sa Chóras Dul Isteach/Imeachta (EES) (IO L 57, 26.2.2019, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2019/326/oj); Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/327 ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2019 lena leagtar síos bearta maidir le rochtain a fháil ar na sonraí sa Chóras Dul Isteach/Imeachta (EES) (IO L 57, 26.2.2019, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2019/327/oj); Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/328 ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2019 lena leagtar síos bearta maidir leis na logaí sa Chóras Dul Isteach/Imeachta (EES) a choinneáil agus rochtain a fháil orthu (IO L 57, 26.2.2019, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2019/328/oj); Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2019 lena leagtar síos na sonraíochtaí agus na coinníollacha maidir le stóras sonraí an Chórais Dul Isteach/Imeachta (EES) (C(2019) 1240); Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2019 lena leagtar síos bearta maidir le bunú agus dearadh ardleibhéil idir-inoibritheachta idir an Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) agus an Córas Faisnéise Víosaí (VIS) (C(2019) 1270); Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2019 lena leagtar síos riachtanais feidhmíochta an Chórais Dul Isteach/Imeachta (EES) (C(2019) 1260); Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 7 Bealtaine 2021 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an bhfaisnéis atá le soláthar don Choimisiún maidir le doiciméid taistil a stampáil i gcásanna eisceachtúla (C(2021) 3154); Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 30 Meitheamh 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na sonraíochtaí agus na coinníollacha le haghaidh an tsuímh gréasáin phoiblí (C(2021) 4299); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1409 ón gCoimisiún an 18 Lúnasa 2022 i dtaca leis na rialacha mionsonraithe maidir leis na coinníollacha a bhaineann le hoibriú na seirbhíse gréasáin, agus leis na rialacha cosanta sonraí agus na rialacha slándála is infheidhme maidir leis an tseirbhís gréasáin, mar aon le bearta le haghaidh fhorbairt agus chur chun feidhme teicniúil na seirbhíse gréasáin agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1224 (IO L 216, 19.8.2022, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/1409/oj); Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1337 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2022 lena leagtar amach an teimpléad chun faisnéis a sholáthar do náisiúnaigh tríú tíortha faoi phróiseáil sonraí pearsanta sa Chóras Dul Isteach/Imeachta (IO L 201, 1.8.2022, lch. 48, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/1337/oj); Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2601 ón gCoimisiún an 20 Samhain 2023 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le bainistiú na feidhmiúlachta chun bainistiú láraithe a dhéanamh ar liostaí na n-údarás náisiúnta inniúil a bhfuil rochtain acu ar an gCóras Dul Isteach/Imeachta agus ar an gCóras Faisnéise Víosaí (IO L, 2023/2601, 22.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/2601/oj).

gcrích go rathúil, ar tástáil í a tugadh i gcrích i gcomhar leis na Ballstáit; Na socruithe teicniúla agus dlíthiúla maidir leis na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 16 go hAirteagal 20 de Rialachán (AE) 2017/2226 a bhailiú agus a tharchur chuig an gCóras Dul Isteach/Imeachta, tá fógra tugtha ag na Ballstáit go bhfuil na socruithe sin bailíochtaithe acu; agus go bhfuil fógraí tugtha ag na Ballstáit don Choimisiún maidir leis an rialaitheoir, na húdaráis inniúla a bhfuil rochtain acu chun sonraí a iontráil, a cheartú, a chomhlánú, a léirscriosadh, a cheadú nó a chuardach sa Chóras Dul Isteach/Imeachta, a n-údaráis ainmnithe agus a lárphointí rochtana.

(4) Dá bhrí sin, is iomchuí an dáta a chuirfear tús le hoibríochtaí an Chórais Dul Isteach/Imeachta a chinneadh.

(5) D'fhormhuinigh an Chomhairle an Treochlár Idir-inoibritheachta an 5 Márta 2025 lena léirítear gurb é Deireadh Fómhair 2025 an amlíne chun tús a chur le hoibríochtaí an Chórais Dul Isteach/Imeachta.

(6) Is é an 12 Deireadh Fómhair 2025 an dáta is iomchuí, agus cuirtear leis ar chumas na mBallstát cuspóirí an Chórais Dul Isteach/Imeachta a bhaint amach go tráthúil, toisc go seachnaítear leis comhthráth le buaicthréimhsí tráchta ag na teorainneacha seachtracha.

(7) Ionas go mbeidh na páirtithe uile lena mbaineann in ann na socruithe praiticiúla is gá a dhéanamh chun ullmhú do thús oibríochtaí an Chórais Dul Isteach/Imeachta, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe.

(8) Ós rud é go gcuireann Rialachán (AE) 2017/2226 le *acquis* Schengen, thug an Danmhairg fógra maidir lena cinneadh Rialachán (AE) 2017/2226 a chur chun feidhme ina dlí náisiúnta, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótacal maidir le seasamh na Danmhairge atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin tá an Danmhairg faoi cheangal ag an gCinneadh seo.

(9) Níl an Cinneadh seo ina fhorbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen a bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle ([3]); Dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(10) Maidir leis an Íoslainn agus leis an Iorua, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas na Stát sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt ([4]), ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle ([5]).

(11) Maidir leis an Eilvéis, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt ([6]), ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle ([7]).

([3]) Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2002/192/oj).
([4]) IO L 176, 10.7.1999, lch. 36, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/1999/439(1)/oj.
([5]) Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socruithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá Stát sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/1999/437/oj).
([6]) IO L 53, 27.2.2008, lch. 52, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2008/178(1)/oj.
([7]) Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2008/146/oj).

(12) Maidir le Lichtinstéin, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt ([8]), ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1 ,pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle ([9]).

(13) Maidir leis an gCipir, cuireadh forálacha *acquis* Schengen a bhaineann le Córas Faisnéise Schengen i bhfeidhm le Cinneadh (AE) 2023/870 ón gComhairle ([10]). Mar sin féin, chun an Córas Dul Isteach/Imeachta a oibriú, ní mór rochtain éighníomhach ar an gCóras Faisnéise Víosaí a dheonú a luaithe a bheidh an fíorú i gcomhréir leis an nós imeachta meastóireachta Schengen is infheidhme curtha i gcrích go rathúil. Níor cheart an Córas Dul Isteach/Imeachta a bheith á oibriú ach ag na Ballstáit sin a mbeidh na coinníollacha sin á gcomhlíonadh acu ag tús oibríochtaí an Chórais Dul Isteach/Imeachta. Dá bhrí sin, an Chipir, nár oibrigh an Córas Dul Isteach/imeachta ó thús na n-oibríochtaí, ba cheart í a nascadh leis an gCóras Dul Isteach/Imeachta, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i Rialachán (AE) 2017/2226, a luaithe a chomhlíonfar na coinníollacha sin ar fad,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An Córas Dul Isteach/Imeachta a bunaíodh le Rialachán (AE) 2017/2226, cuirfear tús lena oibríochtaí an 12 Deireadh Fómhair 2025.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Iúil 2025.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

([8]) IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.

([9]) Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2011/350/oj).

([10]) Cinneadh (AE) 2023/870 ón gComhairle an 25 Aibreán 2023 maidir le forálacha *acquis* Schengen a bhaineann le Córas Faisnéise Schengen a chur i bhfeidhm i bPoblacht na Cipire (IO L 113, 28.4.2023, lch. 44, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/870/oj).